# Polasaí i dtaobh
# Úsáid substaintí/Substance Use

## Do Ghaelscoil Dara

**Réamhra/Introduction: (Réimse/Scope)**

Léiríonn an polasaí um úsáid substaintí seo meon uathúil na scoile agus sé'n aidhm atá leis ná tuiscint a fhorbairt ar an téarma 'drugaí'. Moladh cur chuige comhpháirteach bunaithe ar rannpháirtíocht na 'scoile uile' chun an polasaí a fhorbairt. Baineann an polasaí leis an gcomhphobal scoile uile lena n-áirítear múinteoirí, daltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus usáideoirí an áitribh scoile. Baineann sí le ham scoile (sosanna san áireamh) mar aon le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an scoil lasmuigh d'am scoile. Sé'n tuiscint atá againn ar dhruga ná ceimiceán ar bith a athraíonn an chaoi a n-oibríonn an corp agus conas mar a iompraíonn an duine é féin mar aon lena cuid mothucháin.
*This substance use policy reflects the unique ethos of the school and aims to develop a shared understanding of the term 'drug'. A partnership approach based on the 'whole school' model was recommended for the development of the policy. The policy applies to the entire school community, including teachers, students, parents/guardians and users of the school building. It applies to school time (including break times) and to all school related activities inside and outside school times.*
*A drug can be defined as a chemical which causes changes in the way the human body functions mentally, physically or emotionally. For the purpose of this policy we are concerned with drugs which have the power to change a previous mood and the way a person thinks about things and drugs on which the taker may become physically or more often psychologically dependent.*

## An Gaol le Misean/Fís/Aidhmeanna na scoile/Relationship to School's Mission/Vision/Aims.

Tá baint ag an bpolasaí le fealsúnacht agus le saintréithe (meon) na scoile. Rinneadh tuiscint ar mheon na scoile a fhorbairt agus tá na páirtithe sa chomhphobal scoile ar aon fhocal gurb áit í Gaelscoil Dara atá:

- Tiomnaithe do churam an chomhphobal scoile uile.
- Ag solathrú timpeallacht shlán shábhailte don fhoghlaim.
- Ag tacú leo siúd go bhfuil deacrachtaí acu.
- Ag déanamh iarracht na páirtithe a bheith gafa sa phróiseas oideachais.

Déanfaidh an polasaí um úsáid substaintí freagairt do mheon uathúil na scoile freisin mar gurb mian linn gurb áit í ár scoil ina ndíritear ar fhorbairt ghnéithe móralta, spioradálta, fisiciúla, acadúla, aeisteitiúla agus cultúrtha i gcás gach dalta aonair. Samhlaimid go dtarlóidh sé sin in atmasféar ina mhothaíonn gach ball de phobal na scoile sásta agus sábháilte agus iad i mbun oibre.

Feictear don scoil go bhfuil ról tábhachtach againn i gcuidiú le páistí smacht a bheith acu ar a sláinte agus conas a gcuid sláinte a fheabhsú.

*The policy is related to the philosophy and ethos of the school. An understanding of the characteristic spirit of the school has been developed and agreed with the partners in the school community.*

- *We are dedicated to the care of the whole school community.*
- *We provide a safe and secure environment for learning.*
- *We support those who are experiencing difficulties.*
- *We seek to engage the partners in the education process.*
  *The policy reflects the school ethos in that we wish our school to be a place where the focus remains on developing the moral, spiritual, physical, academic, aesthetic, cultural aspects of each individual pupil.*
  *We envisage this occurring in an atmosphere where all members of the school community feel happy and secure while at work. The school sees itself as having a role in the process of enabling students to increase control over and improve their health.*

## Reasúnaíocht/Rationale:

- Cuireann an saol atá ann faoi láthair líon mór dushláin i láthair mac léinn a bhfuil tionchar acu ar a sláinte agus ar a leas. Is cuid den réaltacht sin alcól, tabac agus drugaí bheith curtha i láthair páistí. Is gá do Ghaelscoil Dara machnamh a dhéanamh ar cen chaoi ar féidir léi soláthar a dhéanamh do riachtanais a gcuid mac léinn agus conas freagairt go cuí do shaincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith íogair corraitheach.
- Fóralann an tAcht Oideachais 1998 go mba chóir do scoileanna forbairt shóisialta agus phearsanta mac léinn a chur chun cinn agus Oideachas sláinte a chur ar fáil dóibh.
- Is beartas rialtais anois an Straitéis Náisiúnta Drugaí 'Ag Tógáil ar an Taithí' agus cuireann sé ar scoileanna polasaí um úsáid substaintí a chur i bhfeidhm.
- Cuireann tuarascáil an Choiste Chomhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí dar teideal 'Drug Use Prevention November 2001' béim ar an tábhacht a bhaineann le polasaí drugaí a bheith á bhforbairt ag scoileanna.

- *The world in which we live presents young people with many challenges which affect their health and well-being. Exposure to alcohol, tobacco and drugs is part of this reality. Schools need to reflect upon how they might provide for the needs of their students cohort and respond appropriately to what are sometimes sensitive and emotive issues.*
- *The Education Act 1998 provides that schools should promote the social and personal development of students and provide health education for them.*
- *The National Drugs Strategy, 'Building on Experience', is now Government policy and it requires schools to have a substance use policy in place.*
- *The recent report from the national Advisory Committee on Drugs entitled 'Drugs use prevention' (November 2001) underlines the importance of schools developing substance use policies.*

**Spriocanna/Cuspóirí(Goals/objectives)**

Tá sé i gceist ag an bpolsaí na cuspóirí seo leanas a bhaint amach.

- Leas, cúram agus cosaint a thabhairt do gach duine sa scoil.
- Iompar Shláinte Dearfach a chothú trí oideachas alcóil, tobac agus drugaí a chur ar fáil do na daltaí.
- Nósanna imeachta a bheartú chun bainistíocht a dhéanamh ar eachtraí a bhaineann le alcóil, tobac agus drugaí.

*This policy endeavours to achieve the following objectives.*

- *To provide care, support and protection for the well being of everyone in the school.*
- *Promote positive health behaviour through educating children in the use of alcohol, tobacco and drugs.*
- *To identify procedures for dealing with incidences of alcohol, tobacco and drugs in the school.*

# Ábhar an Pholasaí (Policy Content)

(i) Oideachas maidir le húsáid substaintí.
(Education concerning substance use).

(ii) Bainistíocht ar eachtraí a bhaineann le halcól, tobac agus drugaí.
(Management of alcohol, tobacco and drug related incidents)

(iii) Soláthar le haghaidh oiliúna agus fhorbairt fóirne.
(Provision for training and staff development).

## (1) Oideachas maidir le húsáid substaintí (Education concerning substance use)

Déanfar oideachas maidir le húsáid substaintí, (alcóil, tobac agus drugaí), a sholáthar laistigh de chomhthéacs leathan an Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Shláinte atá infhorbartha agus a dhéantar a sheachadadh i gcomhthéacs thimpeallacht scoile uile a thugann tacaíocht dó. Má bhainimid feidhm as cuairteoir/cainteoir seachtrach chun an obair ranga a láidriú í gcomhthéacs iomláine an chláir OSPS beidh an múinteoir i láthair.

Roghnófar an t-abhar a bhéas in oiriúint d'aois na ndaltaí agus bainfear úsáid as módhana gníomhacha mar a mholtar sa churaclam O.S.P.S. Déanfaidh gach múinteoir ranga é lena rang féin taobh istigh den am faoi leith a bhaineann le O.S.P.S.

*Education about substance use (alcohol, tobacco and drugs) will be provided in the broader context of our Social, Personal and Health Education programme, which is developmental and delivered in the context of a supportive whole school environment. If we draw on the expertise of outside speakers/visitors to enhance the work done in class it will always be in the context of the full SPHE programme and will be undertaken in the presence of a teacher. The selection of content and methodologies used will be in accordance with the age appropriateness of the content and the methodologies outlined in the SPHE curriculum. Every teacher will teach it to his or her own class within the time allocated for SPHE.*

## (ii) Bainistíocht ar eachtraí a bhaineann le halcól, tobac agus drugaí. Management of alcohol, tobacco and drug related incidents.

Sa scoil seo, tugann ár dtuiscint ar eachtra a bhaineann le halcól, tobac agus drugaí san áireamh:

- Úsáid nó amhras faoi úsáid alcóil, drugaí agus tobac, sa bhfoirgnimh scoile, in áitreabh na scoile nó le linn gníomhaíochtaí a bhaineann leis an scoil.
- Iompar neamhghnách nó meisce.
- An úsáid a nochtadh.
- Na hábhair sin nó na gnéithe a bhaineann leo a aimsiú.
- Seilbh nó soláthar san áitreabh scoile nó le linn gníomhaíochtaí a bhaineann leis an scoil.

***Our understanding of incidents involving alcohol, tobacco and drug use would include:***

- *Use or suspected use of alcohol, drugs, tobacco on the school premises or grounds or during a school related activity.*
- *Intoxication/unusual behaviour.*
- *Disclosure about use.*
- *Finding these substances and/or associated paraphernalia.*
- *Possession and/or supply on the school premises or during a school related activity.*

## Tobac/Tobacco

- Ní féidir tobac a chaitheamh sa bhfoirgnimh scoile nó i dtimpeallacht na scoile.
- Níl cead ag daltaí tobac a chaitheamh nó tobac a bheith acu sa scoil nó i dtimpeallacht na scoile.
- Beidh ar chuairteoirí cloí leis an bpolasaí.
- Má tharlaíonn sé go mbíonn páistí ag caitheamh tobac ar shuíomh na scoile déanfar é a thuairisciú don Phríomhoide agus cuirfear na tuismitheoirí ar an eolas faoi.

- *The school is a non-smoking area.*
- *Students are not permitted to smoke or possess cigarettes on the school premises or in any other place on the school grounds.*
- *Visitors will comply with the non- smoking policy.*
- *Pupils found smoking on school premises will be reported to the Principal and parents will be informed.*

## Alcól/Alcohol:

- Níl cead alcól sa scoil nó i dtimpeallacht na scoile.
- Níl cead ag daltaí alcól a thabhairt chuig na scoile nó bheith acu i dtimpeallacht na scoile nó alcól a ól sa scoil nó le linn imeachtaí scoile.
- Ma cheapann múinteoir go bhfuil páiste faoi thionchar ól cuirfidh sé/sí é seo in iúl don Phríomhoide láithreach agus pléifear an gníomhú.
- Má thagann páiste ar scoil faoi thionchar ól cuirfear fios ar na tuismitheorí chun iad a thabhairt abhaile.

- Má bhailíonn tuismitheoir/caomhnóir/seantuismitheoir agus rl páistí ón scoil agus iad faoi thionchar alcóil lean na céimeanna seo leanas:

    - Labhair leo go réasúnach, tabhair caife/tae dóibh, abair leo go bhfuil tú chun fios a chur ar dhuine eile sa chlann chun iad a bhailiú agus rl.
    - Má theipeann ar seo beidh ort glaoch a chur ar na gardaí.

- Má thagann baill foirne ar scoil faoi thionchar alcóil tógfar as an rang iad agus iarrfar orthu dul abhaile. Cuirfear síob ar fáil dóibh. Cuirfear Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta ar an eolas faoi. Breathnófar ar gach cás go haonarach.
- Muna leanann daltaí na rialacha seo déanfar plé leo de réir Cód Smachta na scoile.
- Lorgófar cead ón mBord Bainistíochta má bhíonn alcól ag teastáil i gcómhar cóisir scoile do dhaoine fásta amháin.
- Sa chás go mbeidh alcól mar dhuais i raifil scoile ní thabharfar an duais ach do dhuine fásta.

- *The school and its environs is an alcohol free area.*

- *Pupils will not be allowed to bring alcohol into the school or its environs or to consume alcohol in school or during any school activities.*
- *If a teacher is of the opinion that a student is under the influence of alcohol, s/he will immediately inform the Principal and consult on what action should be taken.*
- *Where a student comes to school under the influence of alcohol, their parents will be called in to take them home.*
- *Students breaking these rules will be dealt with according to the school's disciplinary procedure.*
- *If alcohol is required for an adult only school function, permission shall be sought from the Board of Management. In the event of alcohol been used as a raffle prize it will only be presented to an adult.*

- *If it comes to the notice of a member of staff that a parent/guardian/grandparent etc collects a child from school under the influence of alcohol and that a member of staff has a concern as to the safety and welfare of the child the following steps will be followed:*
  - *Reason with them as much as possible, offer them tea/coffee, tell them that you are going to call a member of the family who will collect them from school.*
  - *If this fails you must call the guards and Health Board.*

- *If a member of staff comes to school under the influence of alcohol they will be diverted from the class, requested to go home, transport will be arranged. As each case will be individual suitable steps will follow accordingly. The Chairperson of the Board of Management will be informed.*

## Drugaí/Illicit Drugs and Solvents:

- Níl cead ag páistí drugaí a bheith ina seilbh acu nó a úsáid í dtimpeallacht na scoile.
- Ma fháightear drugaí i dtimpeallacht na scoile ba cheart iad a chur faoi ghlas agus fios a chur ar na gardaí.
- Má cheapann múinteoir go bhfuil páiste faoi thonchar drugaí ag aon am ba cheart an scéal a chur faoi bhráid an Phríomhoide ar an bpoinnte agus plé a dhéanamh ar an gníomhú.
- Má tá amhras ar an scoil go bhfuil díolacháin drugaí ar siúl cuirfear fiosrúcháin ar bun. Cuirfear tuismitheoirí aon pháiste atá pairteach in iúl faoi. Lorgófar comhairle agus cúnamh ó oifgeach na nGardaí sa réimse seo.
- Aon leigheas atá le tógáil ag páiste ar scoil ba cheart don mhúinteoir é a chur faoi ghlas go dtí go bhfuil sé ag teastáil. Aon leigheas atá le tógáil ag múinteoir ba cheart don mhúinteoir an leigheas sin a chur faoi ghlas freisin.
- Níl cead substaintí mar tippex, evostik nó superglue a bheith ag páistí sa scoil. Má ta siad ag an múinteoir níor choir go mbeadh rochtain ag páistí air .
- Beidh an Bord Bainistíochta ag súil go gcuirfí tuismitheoirí in iúl don Príomhoide nó don mhúinteoir ranga má tá amhras orthu go bhfuil a bpáiste ag tógáil drugaí.

- *Students are forbidden from being in possession of or using illicit drugs or solvents in the school premises or on the school campus.*
- *Illicit drugs found on school premises should be locked away and the Gardaí contacted to dispose of them.*
- *If a teacher is of the opinion that a student is under the influence of illicit drugs or solvents, s/he will immediately inform the Principal and consult on what action should be taken.*
- *Where the school suspects trafficking of illicit drugs, an investigation will be carried out. Parents of any student involved will be informed. The advice and assistance of the Garda Juvenile Liasion Officer will be sought.*
- *Medication to be taken by children at school should be locked away by teachers until needed by the child. Teachers' medication should also be locked away.*
- *Children are not permitted to have Tippex, Evostik, Superglue or similar type substances at school. (Teachers should keep tippex out of reach of children).*
- *The school Board of Management will expect parents to inform the Principal or teacher if they suspect their child of drug taking.*

## Riaracháin leighis / Administration of Medicine:

(c.f Polasaí ar thabhairt amach Leigheas)
*Refer to Policy on Administration of Medicine*

## Ábhar Glantacháin/Cleaning Materials/detergents:

Coinneofar ábhar glantacháin faoi ghlas.
*Cleaning materials/detergents should be locked away.*

## Conas mar a ndéilítear le hEachtraí a bhaineann le halcól, le tobac agus le drugaí i gCód Smachta na scoile:
## *How incidents relating to alcohol, tobacco and drugs are addressed in the school's Code of Discipline:*

Pléifear le heachtra a bhaineann le tobac, le halcól nó le drugaí mar mhíghníomh tútach uafásach agus leanfaimid an nós imeachta atá beartaithe do ghníomh mar seo. I gcásanna ar leith is féidir go mbeadh cabhair dlíthiúil de dhith. Déanfar cothromaíocht idir fhreagairt tréadach agus smachta an oiread agus is féidir. D'fhéadadh sé tárlú go mbeadh tarchur chuig áisínteacht tacaíochta i gceist mar fhreagra ar eachtra a bhainfeadh le húsáid alcóil, tobac nó drugaí. Caithfear gach iarracht a dhéanamh an fhadhb a réiteach sula ndéantar an páiste a dhíbirt ón scoil.
Sa chás go mbeadh tacaíocht ag teastáil ó bhall foirne, moltar nasc a dhéanamh leis an scéim um chabhrú fostóirí.

*Incidences involving alcohol, tobacco and drug use will be considered to be samples of gross misdemeanours and the appropriate steps for these misdemeanours will be followed according to the code of discipline and behaviour.*
*In certain cases it may be necessary to seek legal advice. Due care will be given in deciding on the balance between a pastoral and a disciplinary response.*
*An appropriate pastoral response to an incident involving alcohol, tobacco and drug use may include referral to a support agency. Every effort will be made to solve the problem before expulsion is considered. Where a member of staff requires support, we will consider facilitating links with an Employee Assistance Scheme.*

## An nós imeachta a chleachtar maidir lena leithéid d'eachtraí a thuairisciú/Reporting procedures for such incidents:

- Coimeadfar an scéal faoi rún agus déanfar an scéal a roinnt leo siúd amháin a bhfuil dualgais orthu an t-eolas a bheith acu muna gcuireadh sé seo an páiste i gcontúirt. Coinneoidh an Príomhoide gach cuntas scríofa faoi rúin.
- Beidh tuismitheoirí gafa in eachtraí a bhaineann lena bpáistí féin nuair a chuireann an scoil in iúl dóibh an eachtra a tharla no an imní atá orthu.
- Beidh tuismitheoirí gafa in eachtraí a bhaineann le gearáin i leith dalta eile -má bhíonn baint ag a bpáiste féin leis ar aon bhealach.
- Cuirfear an Bord Bainistíochta ar an eolas má tharlaíonn eachtraí nó imní faoi drugaí, alcól, tobac sa scoil agus lorgófar cúnamh uatha muna bhfaigheann an scoil tacaíocht ó thuismitheoirí/caomhnóirí chun an cás a réiteach.
- Déanfaimid forbairt ar an gcaidreamh idir an scoil agus na Gardaí áitiúla ionas go spreagfar bealach a bheadh réamhghníomhach seachas frithghníomhach.
- Glaofar ar na gardaí nuair a bhíonn drugaí ar shuíomh na scoile agus má tá comhairle ag teastáil i dtaobh imní. Lorgófar comhairle uatha maidir le eachtraí a bhaineann le drugaí lasmuigh d'am agus de shuíomh na scoile.
- Ní féidir le múinteoirí rúndacht iomlán a gheallúint do pháiste a nochtann lámh a bheith acu i ndrugaí. Tuigimid go bhfuil gá le cúram mar tá seans maith ann go bhfuil an duine óg ag cur muiníne sa mhúinteoir agus ag iarraidh cúnaimh. Caithfear deileáil leis go goilliúnach. Caithfidh an t-eolas bheith príobháideach agus é a chur in iúl do na daoine a mbaineann sé leo. Coinneofar an páiste ar an eolas faoi céard atá ag tárlú agus an fáth atá leis. Sé'n aidhm is mó atá againn ná sláinte agus maitheas an pháiste agus an mhúinteora a chinntiú.
- Sé Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta a dhéanfas déileáil leis na méain. Ní dhéanfaidh an scoil aon ráiteas faoi chásanna aonarach ach déanfaidh siad tagairt do pholasaithe scoile agus na nósanna atá le leanacht le bainistiú a dhéanamh ar eachtraí a bhaineann le drugaí.
- Tá nós imeachta sa 'ráiteas maidir le sláinte agus slándáil' agus baineann sé le h-imeachtaí ina mbeadh cóir leighis i gceist.
  (C.f polasaí sláinte agus slándáil/Policy on Healthy and Safety)

- *A reported incident should be kept confidential to those involved in managing the incident. People will be informed on a 'need to know' basis with the exception of a case where the child's safety would be at risk. The Principal will hold all written documentation confidentially.*
- *Parents will be involved in incidents involving their own child by informing them of any incidents relating to alcohol, tobacco and drugs or by informing them of suspicions of such incidents.*
- *Parents will be involved in incidents relating to another child if their own child is affected or involved in any way.*
- *The Board of Management will be informed if such incidents occur in school. In the absence of parent/guardian support and co-operation, the matter should be passed onto the Board of Management to decide what further action to be taken.*
- *The school will continue to establish a rapport with the local gardaí which will encourage a proactive rather than reactive approach.*
- *Gardaí will be called when drugs are found on the school campus or if we seek any advice regarding drug incidents outside of normal school hours or school activities.*
- *Teachers cannot offer total confidentiality to a young person who discloses drug involvement. We recognise the need for care in this area as the young person may be coming to the teacher because they trust him/her and need help. How this situation is handled will have an important bearing on the outcome. Information must remain private and only disclosed on a strict (need to know) basis. The young person must be informed about what is happening and why. The well being and welfare of the young person and the teacher must be the prime focus.*
- *The Chairperson of the Board of Management will be the spokesperson and handle all media queries. The school will not comment on individual cases but will refer to the school policy and the procedures in place to manage any drug related incident.*

(iii) **Soláthar d'Oiliúint agus d'Fhorbairt Foirne/ Provision for Training and Staff Development:**

Tacaíonn an Bord Bainistíochta le oiliúint agus le forbairt foirne i ngach ngné de shaol agus d'obair na scoile. Faoi láthair faigheann scoileanna ag an mbunléibhéal ina leithéid de ghnó cúnamh on gclár Tacaíochta Um Churaclaim Bunscoile agus 'Walk Tall'. Soláthraíonn na Boird Sláinte, freisin, raon leathan tacaíochta do scoileanna lena n-áirítear Oideachas Sláinte agus Forbairt Sláinte, tacaíocht maidir le cosc ar chaitheamh tabac mar aon le seirbhísí Comhairleacha don óige. Tuigimid mar fhoireann an tábhacht atá le clár OSPS chun cosc a chur le mí-úsáid substaintí agus chun an t-eolas ceart a thabhairt do pháistí atá ag dul lena n-aois ghrúpa. Tuigimid gur féidir linn mar mhuinteoirí inár gcuid ranganna féin cosc a chur le mí-úsáid substaintí trí thimpeallacht tacaíochta muiníneach a fhorbairt sa rang. Is féidir tuilleadh eolais a fháil maidir leis na dlíthe a bhaineann le halcól, tobac agus le husáid drugaí a fháil ó **www.justice**.ie. Tabharfar cóip den pholasaí don fhoireann nua. Cuirfear cainteanna ar siúl sa scoil do

thuismitheoirí maidir le fadhbanna a bhaineann le mí-úsáid ábhair agus rl. Déanfar tagairt dó freisin ag cruinnithe eolais.
*The Board of Management support training and staff development in all areas of school life and work. At present schools at Primary Level are assisted by the Primary Curriculum Support Programme (**www.pcsp.ie**) and the Walk Tall Support Office (for local drugs task force areas Primary Schools). Health Boards also provide a wide range of support for school including Health Education and health Promotion, Smoking cessation, Support and Adolescent Counselling Services. We as a staff understand the contribution that an SPHE programme, which gives appropriate age related information to children on substance misuse, can make to the prevention of substance misuse. We also understand as teachers the contribution we can make to the prevention of substance misuse within our own classrooms through developing a supportive trusting class environment.*
*Additional information regarding laws relating to alcohol, tobacco and drug use may be found on **www.justice.ie**. New staff will be given a copy of the policy. Talks will be arranged for the parents of the school on SPHE and issues relating to substance misuse on a regular basis. Issues relating to substance misuse will be addressed at parent meetings held in the school.*

## Rólanna agus Freagrachtaí/Roles and Responsibilities:

Beidh ról lárnach ag gach aon duine sa scoil i gcur i bhfeidhm an pholasaí seo trí thimpeallacht tacaíochta a sholáthar i ngach suíomh scoile. Beidh na múinteoirí i gceannas ar an gclár a chur í bhfeidhm sa rang mar chuid den O.S.P.S. Beidh an fhoireann, tuismitheoirí, daltaí agus an Bord Bainistíochta páirteach in athbhreithniú ar an bpolasaí.
*Everyone involved in the school will have a role to play in implementing this policy through creating a supportive, trusting environment for all. Teachers will be responsible for implementing the programme as part of SPHE. The teachers, parents, pupils and Board of management will participate in reviews of the policy.*

## Na Critéir Rathúlachta/Success Criteria:

Chun éifeacht an pholasaí a thomhas breathnófar ar thuairimí na múinteoirí i dtaobh tuiscint na bpáistí ar mhí-úsáid drugaí, iompar/dearcadh na bpáistí i leith an ábhair, méid eachtraí a bhaineann le mí-úsáid drugaí sa scoil, tuairimí na dtuismitheoirí agus an Bhoird Bhainistíochta, tuairimí na bpáistí.

***The following indicators will be used to gauge the effectiveness of the substance use policy:***

- *Staff observations and thoughts regarding the pupils understanding of substance misuse.*
- *Children's behaviour and attitudes towards substance use*
- *Incidents of substance misuse in the school.*
- *Parents' observations and thoughts.*
- *Board of Management observations and thoughts.*
- *Pupils' observations and thoughts.*

## Nósanna Imeachta Monatóireacht agus Athbhreithnithe/ Monitoring Review and Procedures:

Déanfar iniúchadh ag cruinnithe foirne agus rl chun éifeachtacht an pholasaí a luacháil agus chun a fháil amach cad iad na hathraithe, más ann dóibh, is gá a chur i bhfeidhm. Cuirfear faoi bhráid Choiste na dTuismitheoirí agus An Bord Bainistíochta é go rialta.

*The effectiveness of the policy and any changes that need to be made to the policy will be evaluated at staff meetings etc. The policy will be put before the Parents' Committee and the Board of Management regularly.*

## Amscála & cur i bhfeidhm/Timeframe & Implementation:

Tá an polasaí seo á chur i bhfeidhm sa scoil. Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí gach ré bliain.

*This policy is being implemented in the school. It will be reviewed every second year.*

**Sínithe:** ______________________________.

**(Signature):** **Cathaoirleach Bord Bainistíochta,**
**Ghaelscoil Dara.**

This policy document was originally prepared in the Irish language. The English version is a translation of the original text officially prepared.

If any discrepancies or errors occur between the two language versions, the decision of the Board of Management as to the meaning correctly intended shall be final.